RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/668 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Aibreán 2021

lena n-údaraítear athrú ar choinníollacha úsáide síolta chia (*Salvia hispanica*) mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear liosta Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(3) Le Cinneadh 2009/827/CE ón gCoimisiún ([3]) údaraíodh, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) síolta chia (*Salvia hispanica*) a chur ar an margadh san Aontas mar bhia núíosach a bhfuiltear lena úsáid i dtáirgí aráin.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/50/AE ón gCoimisiún ([5]) údaraíodh, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97, leathnú ar úsáid síolta chia mar bhia núíosach a bhfuiltear lena úsáid i gcatagóirí bia mar a leanas: táirgí bácáilte; gránaigh bhricfeasta; meascáin torthaí, cnónna agus síolta, agus síolta chia réamhphacáistithe ina gcáil féin.

(5) An 18 Meán Fómhair 2015, d'eisigh údarás inniúil na hÉireann litir oifigiúil ([6]) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97, lena n-údaraítear leathnú ar úsáid an bhia núíosaigh síolta chia i gcatagóirí breise bia, is é sin sú torthaí agus deochanna ar cumasc torthaí/glasraí iad.

(6) An 17 Deireadh Fómhair 2017, d'eisigh údarás inniúil na hOstaire litir oifigiúil ([7]) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97, lena n-údaraítear leathnú ar úsáid an bhia núíosaigh síolta chia i gcatagóir bhreise bia, is é sin leatháin torthaí.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Cinneadh 2009/827/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena n-údaraítear síolta Chia (*Salvia hispanica*) a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núíosach faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 11.11.2009, lch. 14).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair núíosacha bia (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/50/AE ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2013 lena n-údaraítear leathnú ar úsáid síol (*Salvia hispanica*) Chia mar chomhábhar bia núíosach faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 21, 24.1.2013, lch. 34).

([6]) Litir dar dáta an 18 Meán Fómhair 2015 (https://ec.europa.eu/food/sites/food/files/safety/docs/novel-food_authorisation_2015_auth-letter_chia-seeds-2_en.pdf).

([7]) Litir dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2017 (https://ec.europa.eu/food/sites/food/files/safety/docs/novel-food_authorisation_2017_auth-letter_chia-seeds_en.pdf).

(7) An 2 Samhain 2017, d'eisigh údarás inniúil na Spáinne litir oifigiúil ([8]) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97, lena n-údaraítear leathnú ar úsáid an bhia núíosaigh síolta chia i gcatagóirí breise bia, is é sin béilí réamhullmhaithe steirilithe atá bunaithe ar ghrán gránach, ar ghrán bréag-ghránach agus/nó ar phiseánach.

(8) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2354 ón gCoimisiún ([9]) údaraíodh, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97, leathnú ar úsáid síolta chia mar bhia núíosach a bhfuiltear lena úsáid i gcatagóir bhreise bhia, is é sin iógart.

(9) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/24 ([10]) ón gCoimisiún údaraíodh leathnú ar úsáid an bhia núíosaigh síolta chia a bhfuiltear lena úsáid i gcatagóirí breise bia, athruithe áirithe ar na coinníollacha úsáide agus ar na ceanglais lipéadaithe shonracha maidir le síolta chia i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283.

(10) I gcomhréir le húdaruithe a eisíodh roimhe seo, tá síolta chia údaraithe lena gcur ar an margadh laistigh den Aontas faoi na coinníollacha sonraithe úsáide, lena n-áirítear 'síolta chia réamhphacáistithe ina gcáil féin'. I mí Eanáir 2020, fuair an Coimisiún ceist ón gcomhlachas "Réseau Vrac" féachaint an bhféadfaí síolta chia neamh-réamhphacáistithe (iad scaoilte, iad i mbulc) ina gcáil féin a chur ar an margadh freisin laistigh den Aontas.

(11) Tar éis an cheist sin a fháil, tá tuilleadh meastóireachta déanta ag an gCoimisiún féachaint an bhfuil sé sábháilte freisin an téarma "réamhphacáistithe" a bhaint as an gcatagóir "síolta chia réamhphacáistithe ina gcáil féin". Leis an leasú sin cheadófaí d'oibreoirí gnólachtaí bia síolta chia ina gcáil féin a chur ar mhargadh an Aontais i bhfoirmeacha réamhphacáistithe agus neamh-réamhphacáistithe araon (iad scoilte nó i mbulc). Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart liosta an Aontais a leasú dá réir.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, chuir an Coimisiún tús leis an nós imeachta chun liosta an Aontais de bhianna núíosacha a nuashonrú ar a thionscnamh féin.

(13) Sa tuairim uaithi an 14 Márta 2019 a bhaineann le "Sábháilteacht síolta chia (*Sailvia hispanica* L.) mar bhia núíosach a bhfuiltear lena úsáid i réimse níos leithne bealaí de bhun Rialachán (AE) 2015/2283" ([11]), tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ar an gconclúid go bhfuil sé sábháilte síolta chia a úsáid i mbianna nach gá cóireáil teasa a dhéanamh orthu ag 120 °C nó os a chionn sin chun iad a mhonarú, a phróiseáil nó a ullmhú, gan aon srian sonrach ná aon réamhchúram sonrach maidir lena leibhéil úsáide.

(14) Measann an Coimisiún nach gá don Údarás meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh ar an athrú atá beartaithe ar na coinníollacha úsáide i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283, ós rud é nach dócha go mbeidh tionchar ag an athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh síolta chia (*Salvia hispanica*), trí bhaint na bhfoirmeacha ina bhféadfar síolta chia ina gcáil féin a chur ar an margadh, ar shláinte an duine.

(15) Is iomchuí, dá bhrí sin, údarú a thabhairt síolta chia a chur ar an margadh gan réamhphacáistiú.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([8]) Litir dar dáta an 2 Samhain 2017 (https://ec.europa.eu/food/sites/food/files/safety/docs/novel-food_authorisation_2017_auth-letter_chia-seeds-ext-steri_en.pdf).

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2354 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2017 lena n-údaraítear leathnú ar úsáid síolta Chia (*Salvia hispanica*) mar chomhábhar bia núíosach faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 336, 16.12.2017, lch. 49).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/24 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2020 lena n-údaraítear leathnú ar úsáid síolta chia (*Salvia hispanica*) mar bhia núíosach agus an t-athrú ar na coinníollacha úsáide agus ar na ceanglais lipéadaithe shonracha maidir le síolta chia (*Salvia hispanica*) faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 8, 14.1.2020, lch. 12).

([11]) Iris EFSA 2019;17(4):5657.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An iontráil i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus a chuirtear san áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, atá ag tagairt don bhia núíosach síolta chia (*Salvia hispanica*), leasófar í de réir mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Áireofar san iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha úsáide agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála "Síolta chia (*Salvia hispanica*)" i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile
"Síolta Chia (*Salvia hispanica*)	*Catagóir bianna sonraithe*	*Uasleibhéil*	Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é "Síolta Chia (*Salvia hispanica*)" an t-ainmniú a bheidh air"	
	Táirgí aráin	5 % (síolta chia iomlána nó meilte)		
	Táirgí bácáilte	10 % de shíolta chia iomlána		
	Gránaigh bhricfeasta	10 % de shíolta chia iomlána		
	Béilí réamhullmhaithe steirilithe atá bunaithe ar ghrán gránach, ar ghrán bréag-ghránach agus/nó ar phiseánach	5 % de shíolta chia iomlána		
	Meascáin torthaí, cnónna agus síolta			
	Síolta chia ina gcáil féin			
	Milseogra (lena n-áirítear seacláid agus táirgí seacláide), gan guma coganta a áireamh			
	Táirgí déiríochta (lena n-áirítear iógart) agus analóga			
	Reoiteoga			
	Táirgí torthaí agus glasraí (lena n-áirítear leatháin torthaí, compóit le gránaigh nó gan iad, ullmhóidí torthaí lena bhforleagan nó lena meascadh le táirgí déiríochta, milseoga torthaí, torthaí measctha le bainne cnó cócó le haghaidh pota dúbailte)			
	Deochanna neamhalcólacha (lena n-áirítear sú torthaí agus deochanna ar cumasc torthaí/glasraí iad)			
	Maróga nach bhfuil cóireáil teasa de dhíth orthu ag 120 °C nó os a chionn sin chun iad a mhonarú, a phróiseáil nó a ullmhú			